2026/2621

24.11.2026

CINNEADH (CBES) 2026/2621 ÓN gCOMHAIRLE

an 23 Samhain 2026

lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2019/1894 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí druileála neamhúdaraithe na Tuirce sa Mheánmhuir Thoir

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 11 Samhain 2019, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2019/1894 ([1]).

(2) Rinne an Chomhairle athbhreithniú ar na bearta sriantacha a leagtar amach i gCinneadh (CBES) 2019/1894. Ar bhonn an athbhreithnithe sin, ba cheart síneadh a chur leis na bearta sin go dtí an 30 Samhain 2027.

(3) Ba cheart Cinneadh (CBES) 2019/1894 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

In Airteagal 8 de Chinneadh (CBES) 2019/1894, cuirtear an dáta ‘30 Samhain 2027’ in ionad ‘30 Samhain 2026’.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Samhain 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

M. HEYDON

([1]) Cinneadh (CBES) 2019/1894 ón gComhairle an 11 Samhain 2019 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí druileála neamhúdaraithe na Tuirce sa Mheánmhuir Thoir (IO L 291, 12.11.2019, lch. 47, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2019/1894/oj).